Trí scéal nuachta

Ceist 1 Beidh tú ag féachaint ar ball ar thuairisc faoi thrí scéal dhifriúla. Sula bhféachann tú ar an mír, pléigh na ceisteanna seo leis an duine in aice leat.

1. Cad atá ar eolas agat faoi Oireachtas na Gaeilge?

2. Cad iad na buntáistí agus na míbhuntáistí a bhaineann le comhlachtaí móra idirnáisiúnta a lonnú sa tír seo?

3. Cén fáth a gceapann grúpaí áirithe gur cheart deireadh a chur le feirmeacha éisc? Cad a cheapann tú féin?



Ceist 2 Gan féachaint ar an mír go fóill, an féidir leat féin agus an duine in aice leat brí na bhfocal/na bhfrásaí seo a aimsiú?

1. insealbhaíodh _____
2. Teach an Ardmhéara _____
3. suim ar leith _____
4. comhlacht teicneolaíochta leighis _____
5. an tÚdarás Forbartha Tionscail _____
6. ag feidhmiú _____
7. bradáin fhiáine _____
8. deimhnithe _____
9. Iascaigh Intíre Éireann _____
10. cliabháin éisc _____

Féach ar an mír den chéad uair le feiceáil an gcabhróidh sé sin leat na focail a thuiscint.

Ceist 3 Anois, féach ar an tuairisc arís agus scríobh achoimre ghearr ar na trí scéal.

Scéal 1	

Scéal 2	
Scéal 3	

Cad a bhí ag an duine in aice leat?

Ceist 4 Féach ar an mír arís agus freagair na ceisteanna seo a leanas:

1. Breac síos gach sampla den aidiacht shealbhach a chloiseann tú sa chéad scéal.

   _____

2. Breac síos gach sampla den urú a chloiseann tú sa dara scéal.

   _____

3. Breac síos gach sampla den séimhiú a chloiseann tú sa tríú scéal.

   _____

Ceist 5 '…bhí sí…'

A. Líon na bearnaí sa tábla thíos leis an bhfoirm cheart de na briathra neamhrialta san aimsir chaite.

	An cheist	**An freagra dearfach**	**An freagra diúltach**
Abair	An ndúirt tú…?	Dúirt	Ní dúirt
Beir		Rug	
Bí	An raibh sé…?		
Clois			Níor chuala
Déan		Rinne	
Faigh	An bhfuair sibh…?		
Feic	An bhfaca tú…?		
Ith		D'ith	
Tabhair			Níor thug
Tar			Níor tháinig
Téigh		Chuaigh	

B. Bain úsáid as na briathra thuas chun ceisteanna a chur ar an duine in aice leat faoi na laethanta saoire a bhí aige nó aici an samhradh seo caite.

Ceist 6 Pléigh na ceisteanna seo leis an duine in aice leat nó le do ghrúpa.

1. Ar shíl tú go raibh an ceacht seo deacair? Cén fáth?
2. Cén chuid den cheacht a thaitin leat? Cén fáth?
3. Cad iad na scéalta nuachta is fearr leat, de ghnáth?

Treoracha agus Freagraí

Ceist 1

Is féidir gach beirt a chur ag plé na gceisteanna seo sula seinntear an tuairisc nó d'fhéadfaí iad a chur ag obair i ngrúpaí de thriúr nó de cheathrar.

Ceist 2

1. insealbhaíodh	*was inaugurated*
2. Teach an Ardmhéara	*Mansion House*
3. suim ar leith	*a special interest*
4. comhlacht teicneolaíochta leighis	*medical technical firm*
5. an tÚdarás Forbartha Tionscail	*Industrial Development Authority (IDA)*
6. ag feidhmiú	*operating*
7. bradáin fhiáine	*wild salmon*
8. deimhnithe	*confirmed*
9. Iascaigh Intíre Éireann	*Inland Fisheries Ireland*
10. cliabháin éisc	*fish cages*

Ceist 3

Féach an script.

Ceist 4

Scéal 1	An aidiacht shealbhach: - bhur gcéad fáilte ar ais - ina hUachtarán - bhí sí ina ball - ina teanga dhúchais
Scéal 2	An t-úrú - ag an gcomhlacht - go bhfuil - i gceist - i gCathair na Gaillimhe x 2 - sa gcathair (Córas Chonnacht) - i gceantar na ndugannaí (*na ndugaí* an leagan caighdeánach)
Scéal 3	An séimhiú - a thabhairt - do bhradáin fhiáine - ó fheirmeacha - a d'fhoilsigh - mar gheall - ar bhradáin - a bheith - aon phionós - ar fheirmeacha

Ceist 5
A

Abair	An ndúirt tú…?	Dúirt	Ní dúirt
Beir	Ar rug sí…?	Rug	Níor rug
Bí	An raibh sé…?	Bhí	Ní raibh
Clois	Ar chualamar? / Ar chuala muid?	Chuala	Níor chuala
Déan	An ndearna sí…?	Rinne	Ní dhearna
Faigh	An bhfuair sibh…?	Fuair	Ní bhfuair
Feic	An bhfaca tú…?	Chonaic	Ní fhaca
Ith	Ar ith mé…?	D'ith	Níor ith.
Tabhair	Ar thug tú…?	Thug	Níor thug
Tar	Ar tháinig sí…?	Tháinig	Níor tháinig
Téigh	An ndeachaigh siad…?	Chuaigh	Ní dheachaigh

B
Cleachtadh cainte atá i gceist leis an gceist seo chun na briathra neamhrialta san aimsir chaite a chleachtadh.

Ceist 6
Is féidir gach beirt a chur ag déanamh an phlé seo ar fheasacht foghlama agus ansin déan cuid de na ceisteanna a phlé leis an rang iomlán.

Eimear Ní Chonaola

Scéal 1
Bhur gcéad fáilte ar ais. Insealbhaíodh Máirín Uí Chonghaile ina hUachtarán ar Oireachtas na Gaeilge 2018, i dTeach an Ardmhéara i mBaile Átha Cliath tráthnóna. Is as Inis Meáin Máirín agus tá tréimhsí caite aici ag obair i nGaeleagras na Seirbhíse Poiblí. Bhí sí ina ball d'Aisteoirí *Bulfin* freisin agus tá suim ar leith aici sa drámaíocht, san aisteoireacht, sa scéalaíocht agus ina teanga dhúchais. Bíonn sí ag moltóireacht agus ag láithreoireacht ag Oireachtas na Samhna chuile[1] bhliain.

Scéal 2
Tá sé fógartha ag an gcomhlacht teicneolaíochta leighis, *Quidel Corperation*, go bhfuil sé i gceist acu 75 post nua a chruthú i gCathair na Gaillimhe. Tá siad le hionad nua gnó a bhunú sa gcathair[2] agus beidh na poist ar fáil as seo go ceann cúig bliana. Is é an tÚdarás Forbartha Tionscail atá ag tacú leis an togra. Deir *Quidel* go bhfuil siad ag súil go mór le bheith ag feidhmiú i gCathair na Gaillimhe, le freastal níos fearr ar chustaiméirí go hidirnáisiúnta. Tuigtear do Nuacht TG4 gur i gceantar na ndugaí[3] a bheas[4] ionad nua an chomhlachta lonnaithe.

Scéal 3
Tá an grúpa 'Cuan na Gaillimhe in Aghaidh Cliabháin Éisc'[5], ag iarraidh ar an Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara cosaint a thabhairt do bhradáin fhiáine. Deir an grúpa nach mór gníomhú láithreach, agus é deimhnithe gur éalaigh bradáin ó fheirmeacha éisc isteach in aibhneacha in iarthair na tíre an fómhar seo caite. Deirtear i dtuarascáil a d'fhoilsigh Iascaigh Intíre Éireann go bhfuil an bradán fiáin i mbaol, mar gheall ar bhradáin a bheith ag éalú as na cliabháin éisc. Deir an grúpa gur bocht an scéal é nach ngearrtar aon phionós ar fheirmeacha bradán.

[1] *gach uile* an leagan caighdeánach
[2] Córas Chonnacht
[3] *ceantar na ndugannaí* a dúradh
[4] *a bheidh* an leagan caighdeánach
[5] *Galway Bay Against Salmon Cages* an leagan Béarla